

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. Duine fuinniúil cumasach a bhfuil taithí agus/nó cáilíochtaí oiriúnacha aici/aige i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. (CFND) atá freagrach as an phlean teanga do LPT Na Déise a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag CFND agus freagrach do Bhord an Chomhluchta maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus/nó na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, obair óige, agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i bhfeidhmiú agus i gcur i gcrích tograí.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar ina bhuntáiste.
- Lán-cheadúnas tiomána glan

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí CFND sa Rinn agus sa Sean Phobal.

Beidh 40 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.

Tá tuarastail ar a laghad €35,000 ag gabháil leis an phost.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin CFND ag www.deise.ie agus tá na sonraí poist a théann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir Forbartha an Chomhluchta.

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, **roimh Dé hAoine 20 Iúil** chuig: An Bainisteoir, Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.
Teil: 058 46664 Ríomhphost: cfdeise@gmail.com